GA

# Plean Gníomhaíochta um Éagsúlacht agus Cuimsiú 2021-2025



CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár

I. Ullmhúchán don phlean gníomhaíochta 3

II. Beartas agus plean gníomhaíochta CIE D&I – príomhpháirtithe leasmhara CIE 4

III. Spriocanna agus gníomhaíochtaí do 2021-2025 5


# I. Ullmhúchán don phlean gníomhaíochta

Tháinig cuspóirí agus gníomhaíochtaí an phlean as tionscadal ullmhúcháin ar mhórscála ina bhfuil sé mhódúil. Rinneamar tuairisciú ar leithligh ar na torthaí do gach modúil.

- Anailís staidrimh ar dheiseanna comhionanna maidir le hAcmhainní Daonna (HR) chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag dalaí oibre CIE ar dhéimeagrafaic foirne éagsúla;
- Measúnú leantach a dhéanamh ar phlean gníomhaíochta CIE maidir le comhdheiseanna 2018-2020;
- Tagarmharcáil chun comparáid a dhéanamh idir bearta comhdheiseanna ar fud sé eagraíocht: eagraíocht idirnáisiúnta, cuideachta phríobháideach, CIE agus trí institiúid AE eile;
- Suirbhé i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach chun dearcadh na foirne ar chomhdheiseanna san ionad oibre agus CIE mar fhostóir comhdheiseanna araon a thomhas;
- Agallaimh le sampla de chomhaltaí foirne CIE i ngach roinn CIE, grúpaí feidhme agus cineálacha post;
- Ceardlanna ar mhaithe le plé a spreagadh i measc na foirne ar shaincheisteanna a bhaineann le comhdheiseanna, lena n-áirítear na láidreachtaí agus na laigí atá againn faoi láthair agus gníomhartha a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Sholáthair an obair ullmhúcháin aiseolas cuimsitheach ar thorthaí roimhe seo, gníomhaíochtaí faoi láthair agus feidhmíocht CIE mar fhostóir comhdheiseanna. Cuireann na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a liostaítear thíos le láidreachtaí an phlean gníomhaíochta roimhe seo agus sainaithníodh iad tar éis comhairliúcháin fhorleathhain a dhéanamh le foireann CIE: Ghlac 65% den fhoireann ar fad páirt sa tsuirbhé (agus sheoladar freagraí iomlána nó freagraí páirteacha), cuireadh 31 ball foirne faoi agallamh agus d’fhreastail 99 ar na ceardlanna.

# II. Beartas agus plean gníomhaíochta CIE D&I – príomhpháirtithe leasmhara CIE






*Foireann comhionannais agus grúpaí oibre: Dínit ag an obair, folláine, teanga agus cumarsáid chuimsitheach, inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach, tuarascálacha atá íogair ó thaobh inscne de agus cuimsitheach.

# III. Spriocanna agus gníomhaíochtaí do 2021-2025









# Cuspóir 1. SLÓGADH



## Cuir D&I chun cinn i measc na bainistíochta

— Tiomantas na mbainisteoirí agus rannpháirtíocht na mball foirne uile a neartú:

(a) Is é an ról is tábhachtaí atá ag an lucht bainistíochta an próiseas D&I a thiomáint agus an bealach a stiúradh chun athstruchtúrú a dhéanamh ar chultúr oibre agus ar thimpeallacht oibre CIE. Leanúint le foilsiú ráitis agus taithí phearsanta D&I (e.g. fiseáin) ó Chomhaltaí agus ó gheallsealbhóirí sinsearacha eile.

(b) Dul i dteagmháil leis na Comhaltaí mar 'ambasadóirí D&I': tabhair spreagadh do Chomhaltaí agus do pháirtithe leasmhara sinsearacha eile a bheith ina n-ambasadóirí D&I ar feadh téarma sainithe (e.g. 12 mhí). Coincheap an 'ambasadóra' a thabhairt isteach agus a shainmhíniú. Mar shampla, d'fhéadfadh ambasadóirí imeachtaí a óstáil agus ailt a fhoilsiú, etc.

(c) Sínigh Diversity Charter Lëtzebuerg [Cairt um an Éagsúlacht Lëtzebuerg] chun gealltanas a thabhairt do dhul chun cinn na héagsúlachta agus do bhainistiú na héagsúlachta trí ghníomhaíochtaí sonracha a sháraíonn oibleagáidí dlíthiúla. Tá CIE ina bhall cheana féin den líonra "Inspiring More Sustainability" (IMS). Tá an líonra seo ina cheannródaí ar an tionscadal atá mar bhonn agus mar thaca ag Cairt um an Éagsúlacht Lëtzebuerg. Féachaint ar na féidearthachtaí breise atá ann d'obair chomhoibríoch le IMS agus le páirtithe leasmhara eile (e.g. Luxembourg Ministry of Equality between Women and Men [Aireacht Comhionannas idir mná agus fir]).

(d) De réir mar is gá, uasdátaigh an Treoirleabhar Inmheánach chun forbairtí D&I a léiriú le béim ar leith á leagan ar an ngéarchéim COVID-19 agus ar na hiarmhairtí a bhaineann léi. Smaoinigh ar an ndoiciméad a leathnú trí mhír a chur isteach maidir le heitneacht LGBTQ+, reiligiún, tionscnamh geografach, cultúr, etc.

(e) An Treoirleabhar Inmheánach a chur chun cinn i measc bainisteoirí. Seol meabhrúchán faoin treoirleabhar chuig bainisteoirí.

— Díriú ar bhaill foirne d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a meas maidir leis an mbaint atá ag an mbainistíocht le D&I a chur chun cinn.

— Oiliúint éigeantach a sholáthar do bhainisteoirí maidir le neamh-idirdhealú, comhdheiseanna agus cuspóirí a bhaineann le D&I.

— Measúnú deonach D&I a chur i bhfeidhm le haghaidh bainisteoirí. Ba cheart don mheasúnú ceisteanna maidir leis an gcaoi a gcuireann siad D&I chun cinn agus conas a thugann siad aghaidh ar shaincheisteanna gaolmhara laistigh dá bhfoirne.

# Cuspóir 2. CUIR AR AN EOLAS AGUS TÉIGH I MBUN OIBRE



## Cuir D&I chun cinn i measc na foirne go léir

— Plean cuimsitheach cumarsáide a bhunú, ina gcuirfear na geallsealbhóirí go léir san áireamh.

— Leanúint le cumarsáid rialta a dhéanamh ar shaincheisteanna D&I.

— Grúpa a chur ar bun chun treoir a thabhairt maidir le teanga inscne-neodrach a úsáid, chomh maith le teanga agus grafaicí atá níos cuimsithí go ginearálta. D'fhéadfadh aistritheoirí, iniúchóirí agus saineolaithe i ndearadh grafach a bheith sa ghrúpa.

— 'Pointe teagmhála D&I' a cheapadh i ngach stiúrthóireacht chun idirphlé leanúnach a chinntiú maidir le saincheisteanna D&I. Ról a shainiú do phointí teagmhála D&I.

— Gréasán inmheánach oscailte a choinneáil chun D&I a chur chun cinn. Leanúint d'obair na foirne comhionnanais agus d'aon ghrúpa oscailte eile nó líonraí a fhéadfar a chruthú faoi 2025. Déan ionadaithe a shannadh do réimsí ionchasacha i réimse na héagsúlachta (e.g. LGBTQ+, tuismitheoirí, míchumais, mionlaigh eitneacha, teanga chuimsitheach).

— Déan ábhar oiliúna do bhaill foirne nua a athbhreithniú agus a uasdátú.

— Uimh. 26-2017 a thabhairt cothrom le dáta agus leanúint d'oiliúint a chur ar fáil do chomhairleoirí rúnda CIE:

(a) Uimh. 26-2017 a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an mbeartas chun timpeallacht shásúil oibre a chothabháil agus dul i ngleic le ciapadh síceolaíoch agus gnéasach.

(b) Páirt a ghlacadh i staidéar tagarmhairc an Choimisiún maidir le beartais chun cosc a chur ar chiapadh ag CIE, ag institiúidí eile de chuid an Aontais agus ag eagraíochtaí poiblí eile.

(c) Leanúint d'oiliúint a sholáthar do chomhairleoirí rúnda CIE.

(d) Comhoibriú a dhéanamh le comhairleoirí rúnda ó institiúidí eile de chuid an Aontais agus gníomhaireachtaí agus gréasán idirinstitiúideach a chruthú. Comhoibriú le rannpháirtithe líonra a chothabháil agus leanúint de bheith ag obair leo. Déan taithí a mhalartú agus foghlaim óna chéile.

— An treoir maidir le comhdheiseanna don fhoireann ar fad a chur chun cinn:

(a) Seol meabhrúchán faoin treoirleabhar chuig an bhfoireann ar fad.

(b) An treoir do nuatheachtaí a chur i láthair mar chuid dá bpacáiste oiliúna tosaigh.

— Feachtas a eagrú d'fhonn gnéasachas a chomhrac:

(a) Ullmhúcháin don fheachtas: Seimineár gréasáin a eagrú leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) chun Lámhleabhar EIGE maidir le gnéasachas a chomhrac san ionad oibre a chur i láthair. Scaip an lámhleabhar laistigh de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

(b) Cumarsáid a dhéanamh go rialta ar shaincheisteanna gaolmhara le linn an fheachtais (teachtaireachtaí a fhoilsiú ar ECANet, seimineár gréasáin a eagrú, etc.).

(c) Cúrsa oiliúna a eagrú do bhainisteoirí, bunaithe ar lámhleabhar EIGE (comhnasc le gníomh 1.3).

— Feasacht a mhúscailt maidir leis na cultúir éagsúla, na heitneachtaí, na reiligiúin agus gnéithe eile den éagsúlacht atá i láthair ag CIE:

(a) Oiliúint a sholáthar i gcumarsáid thraschultúrtha chun feasacht a ardú faoi chosúlachtaí agus difríochtaí (chomh maith le steiréitíopaí) agus tuiscint fhrithpháirteach ar luachanna agus ar phrionsabail éagsúla. Ba cheart go mbeadh rochtain ag cách ar an oiliúint sin agus moltar go mór don fhoireann a bheith i láthair.

(b) Imeachtaí múscailte feasachta a eagrú (e.g. Lá na hÉagsúlachta i Lucsamburg, seisiúin faoi chosúlachtaí agus difríochtaí cultúrtha agus imeacht ilchultúrtha bia).

— Dea-bhail na foirne a chur chun cinn:

(a) Foireann folláine a bhunú chun gach gníomh folláine agus feidhmiú mar phointe teagmhála a lárú chun saincheisteanna maidir le cothromaíocht oibre agus saoil a phlé.

(b) Gníomhaíochtaí a chuireann leis an tsláinte agus leis an bhfolláine a chur chun cinn. Leanúint leis na gníomhaíochtaí a tugadh isteach le linn an phlean gníomhaíochta roimhe seo, ach gach iarracht a lárú leis an bhfoireann folláine.

(c) An fhoireann go léir a chur ar an eolas faoi na seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe gairme a oibríonn le CIE.

(d) Rochtain a thabhairt d’oibrí sóisialta a bhéas in ann tacú le baill foirne CIE a bhféadfadh sé go mbeadh cúnamh de dhíth orthu.

— Feasacht a ardú maidir leis an bpobal LGBTQ+:

(a) Imeachtaí múscailte feasachta, ceardlanna agus comhdhálacha a eagrú agus cumarsáid a fhoilsiú.

(b) Faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus leis an gComhlachas Idirnáisiúnta Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasghnéasach agus Idirghnéasach (ILGA).

— Leanúint de chruinnithe a eagrú don mheitheal maidir le dínit ag an obair. Páirt a thabhairt don mheitheal i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta seo.

— Bosca moltaí a chur ar bun i suíomh discréideach ach inrochtana go héasca don fhoireann chun a gcuid smaointe a chur in iúl gan ainm.

# Cuspóir 3. MEALLADH



**Deiseanna comhionanna a chur ar fáil agus feabhas a chur ar D&I sa phróiseas earcaíochta**

— Leanúint lena áirithiú go mbeidh mná agus fir araon ar na boird roghnúcháin iomaíochta.

— Páipéir chás-staidéir a chur i ndíth ainm le haghaidh nósanna imeachta roghnúcháin inmheánacha.

— Measúnú a dhéanamh ar dhearcthaí na n-iarrthóirí maidir le comhdheiseanna agus D&I le linn an phróisis roghnúcháin. Tar éis agallaimh roghnúcháin, faigh aiseolas ó na hiarrthóirí faoina n-eispéireas agallaimh.

— Staitisticí maidir le hearcaíocht agus roghnúchán a roinnt/a fhoilsiú.

— Treoir a thabhairt do chomhaltaí an phainéil earcaíochta:

(a) Na treoirlínte maidir le hagallamh (ó 2015) a uasdátú trí fhaisnéis ó EPSO agus ó fhoinsí ábhartha eile a úsáid.

(b) Lámhleabhar a ullmhú chun claonadh neamh-chomhfhiosach a shárú le linn an phróisis earcaíochta.

(c) Na treoirlínte uasdátaithe agus an lámhleabhar a dháileadh ar chomhaltaí an phainéil earcaíochta nuair a cheapfar iad.

(d) Leanúint d’oiliúint a sholáthar maidir le claonadh neamh-chomfhioscah do bhaill an phainéil earcaíochta.

— Is é is aidhm dóibh líon éagsúil iarratasóirí a mhealladh/a spreagadh agus ionadaíocht chothrom a bhaint amach i measc bhaill foirne CIE maidir le náisiúntachtaí uile AE:

(a) Athbhreithniú a dhéanamh ar fhógraí folúntais lena chinntiú go dtarraingíonn siad/go spreagann siad raon éagsúil iarratasóirí atá ar fáil de réir inscne, aoise, míchumais, etc.

(b) Oibriú le EPSO, i gcomhair leis na Ballstáit, ar an tionscadal chun uirlis faireacháin a dhéanamh bunaithe ar chomhionannas agus ar éagsúlacht a fhorbairt le haghaidh earcaíochta.

(c) Plé a dhéanamh le Comhaltaí CIE ó thíortha faoi ghannionadaíocht leis an mbealach is fearr le hiarratais a mhealladh/a spreagadh agus le líon foirne níos ilghnéithí a fháil.

(d) Faisnéis a fhoilsiú maidir le hionadaíocht gheografach sa chlár comhardaithe sóisialta bliantúil. Miondealú a chur i láthair de réir náisiúntachta don fhoireann, do na bainisteoirí agus do na cúntóirí go léir.

# Cuspóir 4.
# COMHTHÁTHÚ



### Comhdheiseanna agus D&I a phríomhshruthú i mbainistíocht feidhmíochta, meastóireacht, deimhniú agus ardú céime

— Anailís a dhéanamh ar an nós imeachta bliantúil um ardú céime *ex post*, lena chinntiú nach raibh aon chlaontacht nasctha le saoire mháithreachais nó saoire do thuismitheoirí, le hobair pháirtaimseartha nó le haon fhoireann dhéimeagrafaíochta eile (e.g. aois, náisiúntacht, cineál conartha).


— Fir a spreagadh chun saoire do thuismitheoirí a thógáil: Seisiún a eagrú inar féidir le fir a thóg saoire do thuismitheoirí a n-eispéiris a roinnt, nó iarraidh ar shaorálaithe a bheith ina bpointe teagmhála d’fhir a bhíonn ag lorg comhairle faoin ábhar.

— Cuir isteach dul chun cinn D&I sa Treoir Compass mar chritéar a bhreithneofaí sa nós imeachta breithmheasa bliantúil agus ardú céime do phríomhbhainisteoirí agus do phríomhstiúrthóirí. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú féachaint ar chuir bainisteoirí D&I chun cinn, an bhfuil cleachtais bhainistíochta treisithe ag D&I agus ar chuir bainisteoirí an plean gníomhaíochta i bhfeidhm de réir mar is cuí.

— Clár oiliúna a bhunú trína gcuirtear comhairle, tacaíocht, cúnamh agus spreagadh ar fáil d'oiliúnuithe ó chomhghleacaí a bhfuil níos mó taithí aige/aici agus atá oilte mar oilúnóir inmheánach.

— Leanúint d’oiliúint a sholáthar maidir le bainistíocht coinbhleachta do bhainisteoirí agus do gach ball foirne. Ba cheart bainisteoirí a spreagadh le bheith i láthair chun dea-bhail a bhfoirne a fheabhsú agus thar aon rud eile, chun a áirithiú go dtéitear i ngleic le coinbhleachtaí go tapa agus go héifeachtach.

# Cuspóir 5. CUIR CHUN CINN



### Comhionannas inscne a chur chun cinn agus cinn chúraim a roghnú

— Iniúchóirí mná a spreagadh le bheith ina gceann cúraim, trí theagmháil a dhéanamh le mná cáilithe chun iad a spreagadh cur isteach ar phoist mar cheann taisc:

(a) Leanúint de chleachtas an Ardrúnaí maidir le ríomhphost a chur go rialta chuig stiúrthóirí agus chuig príomhbhainisteoirí d'fhonn baniniúchóirí a spreagadh le bheith ina gceann cúraimí.

(b) Agallaimh nó suirbhéanna gan ainm a dhéanamh le baill foirne baineanna (AD 9 agus os a chionn) a bhfuil drogall orthu ról ceannaireachta a ghlacadh, chun a gcúiseanna a thuiscint agus réitigh mhalartacha a mholadh (e.g. beirt oifigeach a bhfuil ról an chinn taisc á roinnt acu).

— Oiliúint shonrach a sholáthar do chinn chúraim:

(a) Leanúint d'oiliúint shonrach a sholáthar do chinn chúraim. Comhairle a chur ar chinn nua tascanna maidir leis na cúrsaí atá ar fáil dóibh.

(b) Seisiúin neamhfhoirmiúla a eagrú inar féidir le mná a bhfuil taithí acu mar chinn tascanna a gcuid eolais a roinnt iontu.

— Nuashonruithe leathbhliantúla a sholáthar ar an sciar coibhneasta do chinn chúraim baineanna agus fireanna:

(a) Socrú a dhéanamh go dtabharfaidh stiúrthóirí tuarascáil dá seomraí maidir leis an sciar de chinn chúraim idir mhná agus fhir gach sé mhí, agus tuairisciú a thabhairt don Ard-Rúnaíocht ina dhiadh sin.

(b) Nuashonruithe leathbhliantúla a chur i láthair ón Ardrúnaí don Choiste Riaracháin.

# Cuspóir 6. OIRIÚNAIGH



**Solúbthacht ag an obair a fheabhsú**

— Fairsingigh na roghanna maidir le teilea-oibriú.

— A luaithe is a bhéas géarchéim COVID-19 thart, anailís a dhéanamh ar thionchar na teilea-oibre le linn na géarchéime. Suirbhé a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndearna sé difear d'fhoireann CIE agus cén chaoi ar féidir na ceachtanna a foghlaimíodh a úsáid amach anseo.

— Ar mhaithe le tacaíocht d'obair pháirtaimseartha a fheabhsú, córas comhaireamh foirne a chur ar bun chun cúiteamh a thabhairt d'fhoirne agus do sheomraí do chaillteanas coibhéisí lánaimseartha (FTEnna) mar thoradh ar obair pháirtaimseartha agus gach neamhláithreacht foirne sínte (e.g. saoire mháithreachais, saoire ar chúiseanna pearsanta, athshannadh d'fheidhm eile). An caillteanas sin a chúiteamh sna seirbhísí is mó a ndéantar difear dóibh.

— Straitéis athimeasctha a fhorbairt tar éis ghéarchéim COVID-19 agus do bhaill foirne a fhilleann ar an obair tar éis tréimhse fhada asláithreachta.

— Cuir mná ar an eolas faoina gceart chun socruithe solúbtha oibre más mian leo beathú cíche a dhéanamh.

— Cothromaíocht shláintiúil idir an saol oibre agus an saol pearsanta a chur chun cinn, agus gluaiseacht i dtreo fócas cultúrtha agus eagraíochtúil a spreagadh ar thorthaí seachas ar líon na n-uaireanta oibre agus láithreacht fhisiciúil, inar féidir le foirne hibrideacha feidhmiú go héifeachtach laistigh de thimpeallacht sholúbtha.

— An timpeallacht oibre fhisiciúil a bharrfheabhsú trí stáisiúin oibre eirgeanamaíocha a chur ar fáil. Pleananna a chur chun feidhme d'fhonn foirgneamh K2 a athchóiriú, lena n-áirítear 'seomraí machnaimh' a chruthú. Fógraíocht a dhéanamh ar na seomraí machnaimh mar spás le haghaidh scíthe. Scáileáin príobháideachais a chur ar fáil sna seomraí machnaimh, ionas gur féidir le máithreacha beathú cíche iad a úsáid chun bainne a phumpáil más gá.

# Cuspóir 7. CUMASAIGH



## Timpeallacht chuimsitheach a chruthú do bhaill foirne faoi mhíchumas

— Feasacht a ardú faoi shaincheisteanna míchumais:

(a) Cúrsaí oiliúna, ceardlanna agus díospóireachtaí fisiciúla agus fíorúla a eagrú chun feasacht a ardú agus chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi cúrsaí oiliúna. Ba cheart an fhoireann a chothú go láidir chun freastal ar na seisiúin sin. Ba cheart go mbeadh ionadaithe ó ranna CIE a bhfuil freagrachtaí a bhaineann le míchumais orthu (foirgnimh, slándáil, máirseálaí dóiteáin, HR, DIWI, etc.) i láthair freisin.

(b) Tús a chur le suirbhé foirne ar mhíchumas chun riachtanais ionchasacha na ndaoine faoi mhíchumas a shainaithint (bíodh sé infheicthe nó dofheicthe).


— Faoi chomhordú oifigeach D&I, líonra míchumais a chruthú chun baill foirne faoi mhíchumas a chur ar an eolas agus chun tacú leo, agus a bheith mar phointe teagmhála do gach duine a bhfuil riachtanas sonrach aige nó aici. D’fhéadfadh an líonra compháirtíochtaí a chruthú le cumainn mhíchumais chun iarratais CIE a chothú. D’fhéadfadh sé oibriú maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht dhigiteach agus fhisiciúil freisin (foirgnimh, suíomhanna gréasáin, etc.).

— Déan an treoir CIE maidir le tréimhsí oiliúna a uasdátú chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas. Tréimhsí oiliúna a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas.

— Cinneadh agus treoirlínte a ghlacadh maidir le ‘cóiríocht réasúnta’ le haghaidh baill foirne atá faoi mhíchumas. D’fhéadfadh cur chun feidhme na dtreoirlínte cabhrú le baill foirne nach raibh a ndeacrachtaí ar eolas roimhe sin. Bheadh sé ina ráiteas freisin agus d’fhéadfadh sé iarratais ó dhaoine faoi mhíchumas a mhealladh.

— Mar chuid den tionscadal K2030, feabhas a chur ar inrochtaineacht fhoirgnimh CIE do dhaoine faoi mhíchumas (foireann agus cuairteoirí), le cúnamh ó chomhairleoir seachtrach a bhfuil saineolas aige ar dhiagnóisic inrochtaineachta. Agus athchóiriú á dhéanamh ar na foirgnimh, tá sé beartaithe deireadh a chur le bacainní fisiciúla (doirse throma, etc.) agus inrochtaineacht a fheabhsú (e.g. trí chomharthaíocht a thabhairt do dhaoine dalla) ón tús.

# Cuspóir 8. COSAINT



## Aosú fhoireann CIE a aithint, a thuiscint agus aghaidh a thabhairt air

— Le hionchur ó sheanóirí gníomhacha (Pinsinéirí na Cúirte Iniúchóirí) nuair is féidir, féach ar na láidreachtaí agus an taithí is féidir le baill foirne aosta cur leo agus na dúshláin atá rompu a aithint, d'fhonn an bealach is fearr a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas.

— Foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn (lena n-áirítear oiliúint éigeantach) agus tionscnaimh taithí-roinnte a sheoladh (e.g. seisiúin 'comhroinnt agus nascadh') lena chinntiú go mbeidh baill foirne shinsearacha in ann leanúint dá gcuid scileanna a fhorbairt agus gur féidir le comhghleacaithe óga tairbhe a bhaint as a dtaithí agus as a gcuid eolais.

  Mar chuid de na tionscnaimh sin, malartú sóisialta trasghlúine agus meantóireacht a spreagadh chun foghlaim fhrithpháirteach agus fás frithpháirteach a éascú, agus iarraidh ar nuatheachtaithe páirt a ghlacadh ann.

— Malartú idir seanóirí gníomhacha agus baill foirne a éascú gar don aois scoir.

# Cuspóir 9. COTHAIGH



## Mná a spreagadh chun tabhairt faoin mbealach i dtreo bainistíocht

— Oiliúint agus comhairle a eagrú do bhaill foirne na mban, arna soláthar ag saineolaithe gairme agus ag mná eile ar féidir leo a bheith ina n-eiseamláirí.

— Agallamh a chur ar rannpháirtithe ban sa Chlár Forbartha Ceannaireachta, páipéar machnaimh a dhéanamh le faisnéis faoina n-inspreagadh agus a srianta agus bearta tacaíochta amhail meantóireacht agus oiliúint a chur ar fáil. Féach ar na tionscnaimh tacaíochta atá ann cheana, amhail Clár Forbartha Tallaine na mBan de chuid an Choimisiúin.

— Agallaimh fágála a dhéanamh le daoine atá ag fágáil Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, lena n-áirítear ceisteanna chun a shoiléiriú cén fáth a bhfuil mná ag fágáil, agus doiciméad a chur ar fáil ina ndéantar achoimre ar an méid a nochtann na hagallaimh. Déan anailís ar na hagallaimh scoir uile uair sa bhliain agus pléitear na ceachtanna a foghlaimíodh leis na ranna ábhartha.

# Cuspóir 10. TOMHAIS



### Déan an dul chun cinn D&I a mheas

— Staitisticí maidir le cothromaíocht inscne a fhoilsiú, mar shampla:

- cion na mban i bpoist mar cheann taisc,
- cion na mban i bpoist bhainistíochta shinsearacha agus i bpoist eile bainistíochta, agus
- líon na laethanta oiliúna de réir aoisghrúpa agus inscne.

Tacú leis na staitisticí trí fhaisnéis chúlra a chur ar fáil, agus measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leo agus ar an tábhacht atá leo agus ar an méid a nochtann siad faoin gcás ginearálta.

— Suirbhéanna a dhéanamh chun braistintí foirne a bhaillú agus a anailísiú maidir leis an méid a thugann an bhainistíocht shinsearach luach do D&I agus an méid a chuireann siad D&I chun cinn, chun féachaint an gcaitear go measúil agus go cothrom leis an bhfoireann, agus chun an méid a léirítear D&I sa bheartas acmhainní daonna. Na suirbhéanna a athdhéanamh gach dhá bhliain.

— Táscairí feidhmíochta a bhunú chun tionscnaimh D&I a thomhas. Sonraí a fhoilsiú ar an iliomad gnéithe éagsúla de chomhdheiseanna D&I (inscne, aois, míchumas, rannpháirtíocht in oiliúint, comhroinnt eolais, meantóireacht, ionadaíocht gheografach, etc.).

— Tuarascáil bhliantúil a thabhairt maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta sin.

ECA-Diversity-and-Inclusion@eca.europa.eu

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Publications Office of the European Union

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Tel. +352 4398-1

Enquiries: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Website: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors